Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**14733/24**

**CULT 97**
**EDUC 400**
**AUDIO 96**
**JEUN 268**
**DIGIT 214**
**RECH 473**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Ról na leabharlann i bhforbairt litearthachta sna meáin<br>– *Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an nóta cúlra a d'ullmhaigh an Uachtaránacht mar bhonn le díospóireacht bheartais a thionólfar ag cruinniú den Chomhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt (EYCS), an 25 agus an 26 Samhain 2024.

**Ról na leabharlann i bhforbairt litearthachta sna meáin**

Díospóireacht bheartais

Comhairle EYCS an 26 Samhain 2024

1. RÉAMHRÁ

Aithnítear i bPlean Oibre an Aontais Eorpaigh don Chultúr 2023-2026[1] ról sochaíoch athraitheach na leabharlann, go háirithe maidir leis an litearthacht a chur chun cinn ar fud na hEorpa. Ní stórtha leabhar amháin iad leabharlanna; is ardáin ríthábhachtacha iad le haghaidh rannpháirtíocht an phobail, rannpháirtíocht dhaonlathach agus forbairt oideachais, lena gcuirtear raon leathan seirbhísí ar fáil. Cuid lárnach den ról sin is ea an méid a chuireann siad le forbairt na litearthachta sna meáin, rud atá ina riachtanas práinneach anois i saol atá ag éirí níos digití agus níos sáithithe ó thaobh faisnéise de.

Le linn phaindéim COVID-19, leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le leabharlanna mar mhoil phobail riachtanacha, agus iad á gcur in oiriúint chun seirbhísí fisiciúla agus digiteacha araon a sholáthar le linn na ndianghlasálacha. Lean leabharlanna orthu ag cur rochtain ar fhaisnéis iontaofa ar fáil, agus iad ag feidhmiú mar chomhghuaillithe ríthábhachtacha chun an mhífhaisnéis a chomhrac – cúram atá níos ábhartha ná riamh. De réir Fhorógra Leabharlann Poiblí IFLA-UNESCO (2022)[2], ní mór do leabharlanna feidhmiú mar éascaitheoirí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don litearthacht sna meáin, agus na huirlisí is gá a thabhairt do shaoránaigh chun dul i ngleic le timpeallacht chasta na meán sa lá atá inniu ann.

---

[1] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32022G1207(01)

[2] IFLA: Cónaidhm Idirnáisiúnta na gComhlachas agus na nInstitiúidí Leabharlainne, https://www.ifla.org/public-library-manifesto/

Léirítear sa Phlean Oibre don Chultúr 2023-2026 freisin gur cheart do ghrúpa modha oscailte comhordúcháin (MOC) oibriú ar leabharlanna idir 2024 agus 2025 chun scrúdú breise a dhéanamh ar ról na leabharlann maidir le rannpháirtíocht chultúir agus forbairt scileanna a fheabhsú, ag tacú ní hamháin leis an litearthacht, ach le spriocanna níos leithne an chuimsithe shóisialta agus an daonlathais freisin. Ina theannta sin, athdhearbhaítear i dtreoirlínte Chomhairle na hEorpa agus EBLIDA[3] an ról ríthábhachtach atá ag beartais leabharlainne maidir le sochaí dhaonlathach, eolach, chothrom, inbhuanaithe, chomhtháite agus chuimsitheach a chothú.

## 2. NA PRÍOMHDHÚSHLÁIN NACH MÓR AGHAIDH A THABHAIRT ORTHU

Tá forbairt na litearthachta sna meáin ar cheann de na dúshláin is suntasaí atá roimh shochaithe an lae inniu, an Eoraip san áireamh. Scaiptear an mhífhaisnéis agus an bhréagaisnéis go tapa, agus is minic gur measa fós iad mar gheall ar ardáin dhigiteacha agus ar thírdhreach ilroinnte na meán. Ós rud é go bhfuil teicneolaíocht na meán ag athrú go tapa, ní mór na scileanna a fhoghlaimíonn daoine le linn an oideachais fhoirmiúil a thabhairt cothrom le dáta go leanúnach. Tá tábhacht ar leith ag baint le leabharlanna, trína stádas iontaofa agus trína láithreacht bhunaithe i bpobail, ó thaobh gníomhú mar idirghabhálaithe idir saoránaigh agus an méid ollmhór faisnéise a bhíonn rompu. Is féidir leo é sin a dhéanamh trí oiliúint a thairiscint, cláir oideachais a óstáil agus acmhainní a chur ar fáil lena gcothaítear feasacht maidir le tomhaltas agus cruthú na meán. Dá bhrí sin, is féidir le leabharlanna feidhmiú mar ionaid foghlama pobail ilfheidhmeacha agus tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil ag an am céanna.

[3] EBLIDA: Biúró Eorpach na gCumann Leabharlainne, Faisnéise agus Doiciméadachta, https://www.eblida.org/News/2022/Comhairle na hEorpa-EBLIDA-Guidelines-on-Library-legislation-and-policy-in-Europe-en.pdf

Mar sin féin, ní mór aghaidh a thabhairt ar roinnt príomhdhúshlán chun go mbainfidh leabharlanna an acmhainneacht sin amach ina hiomláine:

– <u>Bearnaí san oideachas litearthachta sna meáin:</u> Ciallaíonn éabhlóid thapa na dteicneolaíochtaí digiteacha nach mór cláir litearthachta sna meáin a thabhairt cothrom le dáta go rialta chun go leanfaidh siad de bheith ábhartha. Ní mór do leabharlanna cláir oiliúna a thairiscint agus uirlisí a chur ar fáil lena múintear ní hamháin bunscileanna na meán, ach a thacaíonn freisin leis an oideachas foirmiúil, go háirithe i ndáil le smaointeoireacht anailíseach, foinsí inchreidte a shainaithint, claonadh na meán a thuiscint, nascleanúint a dhéanamh ar ardáin ar líne le haghaidh eispéireas sábháilte ar líne, scileanna cruthaithe ábhair, páirt a ghlacadh i rannpháirtíocht dhaonlathach agus úsáid eiticiúil faisnéise. Freastalaíonn leabharlanna ar réimse leathan úsáideoirí, ó leanaí go daoine scothaosta, a bhfuil leibhéil éagsúla scileanna litearthachta sna meáin acu. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach cláir shaincheaptha litearthachta sna meáin a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais grúpaí sochaíocha éagsúla.

– <u>Bonneagar agus maoiniú:</u> Cé go bhfuil go leor leabharlann tar éis aistriú chuig seirbhísí digiteacha, déanann éagothromaíochtaí bonneagair – go háirithe i gceantair thuaithe agus iargúlta – difear dá n-éifeachtacht maidir le litearthacht bhunúsach sna meáin a chur chun cinn. Tá cistiú leordhóthanach ríthábhachtach chun na bearnaí sin a líonadh agus chun an leibhéal rochtana ar acmhainní ar fud na réigiún uile a chaighdeánú. Tá ról ríthábhachtach ag comhpháirtíochtaí le scoileanna, leis an saol acadúil, le cuideachtaí teicneolaíochta, le cuideachtaí ábhartha eile san earnáil phríobháideach, le fondúireachtaí agus le heagraíochtaí sibhialta chun cláir litearthachta sna meáin a leathnú. Trí shaineolas agus acmhainní seachtracha a ghiaráil, is féidir cabhrú le tionscnaimh litearthachta sna meáin a mhéadú chun dul i bhfeidhm ar phobal níos leithne, eolas spriocdhírithe a thabhairt isteach agus curaclaim shaincheaptha a fhorbairt.

– <u>Scileanna leabharlannaí a fhorbairt:</u> Ní féidir le leabharlanna scileanna litearthachta sna meáin a chur chun cinn gan infheistíocht a dhéanamh ina n-acmhainní daonna. Teastaíonn oiliúint leanúnach ó leabharlannaithe chun fanacht ar an eolas faoi dhul chun cinn teicneolaíochta agus riachtanais athraitheacha na bpobal a bhfreastalaíonn siad orthu. Tá sé ríthábhachtach na scileanna sin a fhorbairt chun a áirithiú gur féidir le leabharlannaithe treoir a thabhairt do shaoránaigh maidir le dul i ngleic le timpeallacht faisnéise digití an lae inniu.

3. CEISTEANNA DON DÍOSPÓIREACHT BHEARTAIS

Iarrann an Uachtaránacht ar na hairí féachaint ar an gcaoi ar féidir le leabharlanna scileanna litearthachta na sochaí sna meáin a fheabhsú agus léargas a thabhairt ar an gcaoi sin, ar bhonn na gceisteanna seo a leanas:

– Ról na leabharlann: *Conas is féidir le leabharlanna a gcláir litearthachta sna meáin a leathnú chun litearthacht sna meáin agus scileanna léitheoireachta criticiúla a fheabhsú i measc na saoránach chun cabhrú leo aghaidh níos fearr a thabhairt ar dhúshláin na ré digití (e.g. bréagaisnéis ar líne, bulaíocht ar líne, fuathchaint ar líne agus físeáin domhainbhrionnúcháin)?*

– Acmhainní is gá chun seirbhísí ardcháilíochta a sholáthar: *Cad iad na comhpháirtíochtaí e.g. leis an saol acadúil, le cuideachtaí teicneolaíochta agus eagraíochtaí teicneolaíochta ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh chun a áirithiú go leanfaidh leabharlanna de bheith cothrom le dáta leis an eolas a bhfuil gá ag an tsochaí go ginearálta leis, agus cad iad na tionscnaimh ar leibhéal an Aontais a d'fhéadfadh cur leis an sprioc sin?*

– Scileanna atá le baint amach ag leabharlannaithe: *Cad iad na scileanna sonracha a theastaíonn ó leabharlannaithe chun feabhas a chur ar a gcumas litearthacht sna meáin a mhúineadh agus smaointeoireacht chriticiúil a chothú i measc a n-úsáideoirí?*